

# Díospóireachtaí na nIarbhunscoileanna

Reachtáilfear an chéad dreas de Chomórtas Díospóireachta 2013 do Iarbhunscoileanna i gColáiste an Chnoic Bhig, Ceatharlach tráthnóna inniu, an Déardaoin, 14 Samhain.

Cuirfear tús le comórtas na sóisear ag 5.00i.n, agus beidh foirne ó cheithre scoil as Cill Chainnigh, Ceatharlach agus Port Laoise páirteach ina measc Coláiste an Chnoic Bhig. Is é an rún a bheidh faoi chaibidil ná "Droch-chultúr is ea an popchultúr".

Níos déanaí sa tráthnóna beidh na sinsir i mbun díospóireachta. Arís beidh foirne as ceithre scoil páirteach ina measc cailíní as Coláiste Naomh Leoin, Ceatharlach agus is é an rún a bpléfidh siadsan ná "Tá sé ceart go mbeadh cead as Seanadóirí agus ag Teachtaí Dála a rogha éadaí a chaitheamh i dTithe an Oireachtais".

Rachaidh dhá fhoireann ó gach díospóireacht ar aghaidh go dtí an chéad bhabhta eile de na comórtais. Is é an t-eagras Gael Linn a eagraíonn na comórtais díospóireachta agus cuirfear fáilte mhór roimh lucht tacaíochta.

## Fáilte chuig seoladh na Féile Pan Cheilteach 2013

Cuirfear fáilte roimh chách ag seoladh na Féile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach 2013 ag cruinniú poiblí ar an Déardaoin, 15 Samhain ag 8.00i.n. in Ostán Seven Oaks, Ceatharlach. Beidh an fhéile ar siúl i gCeatharlach don dara bhliain as a chéile ó 2-7 Aibreán.

Ag an bhFéile Pan Cheilteach bíonn na cultúir cheilteacha á gceiliúradh ag Éire, An Bhreatain Bheag, Alba, An Choirn, Manainn agus an Bhriotáin le ceol, amhránaíocht, damhsa agus na teangacha ceilteacha thar sé lá. Beidh comórtais, ceolchoirmeacha, taispeántais, scéalaíocht, siamsaíocht ar na sráideanna agus mórshuíl na féile ar chlár na seachtaine.

Féile an-rathúil a bhí ann i mbliana agus chun féile níos fearr fós a chinntiú don bhliain seo chugainn ní foláir tús a chur leis an bpleanáil gan mhoill. Mar sin iarrtar ar dhaoine teacht chuig an seoladh chun smaointe agus moltaí a roinnt agus a phlé. Gach eolas ar fáil ar [www.panceltic.ie](http://www.panceltic.ie). Is féidir glaoc ar 085 1340047, 059 9158105 nó 087 2857048 nó scríobh chuig [pancelticcarlow@gmail.com](mailto:pancelticcarlow@gmail.com)



Rinceoirí na Breataine Bige ag an bhFéile Pan Cheilteach



Pic: Ag damhsa ar na sráideanna ag an bPan Cheilteach

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:

**Glór Cheatharlach**  
Sráid an Choláiste, Ceatharlach  
(059) 9158105 / (085) 1340047

[emma@glorcheatharlach.ie](mailto:emma@glorcheatharlach.ie) [www.glorcheatharlach.ie](http://www.glorcheatharlach.ie)  
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

# Glór Cheatharlach

## Comórtas Díospóireachta Gael Linn buaite ag Cormac agus Seán

Thug Cormac Breathnach as Ceatharlach agus Eoin Ó Murchú as Baile Átha Cliath an Corn Gael Linn/The Irish Times leo ag an gComórtas Díospóireachta do Choláistí Tríú Leibhéil a reachtáilleadh ag Oireachtas na Gaeilge le déanaí. Ag díospóireacht ar son Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath a bhí Cormac agus Seán agus bhíodar tar éis cáiliú trí réamhbhabhta dhúshlánach i mBaile Átha Cliath roimhré. Seo an dara bliain don ócáid ráthúil seo a reachtáil Gael Linn agus ba é an dara huair chomh maith é ag foireann ó Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath an comórtas a bhuanach.

Is i Leitir Ceanainn i dTír Chonail ar an Satharn, 3 Samhain, a bhí an díospóireacht ar bun agus bhí 500 macléinn ó choláistí tríú leibhéil ar fud na tíre i láthair don ócáid. Ceithre fhoireann ar fad a bhí páirteach sa chomórtas Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge Gaillimh mar aon le An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

Ba é an t-ábhar a bhí faoi chaibidil ag na foirne ná 'Tá ár bhféiniúlacht mar náisiún cailte againn in Éirinn' agus labhair gach cainteoir ar feadh seacht nóiméad. Bhí cead ag baill an fhreasúra pointí eolais a thabhairt do na cainteoirí agus iad i mbun óráide, rud a chuir go mór leis an bplé agus leis an argóint! Ag stiúradh na hócáide ón gcathaoir, bhí Seán Ó Ceallaigh, Gael Linn, agus ba é Cillian Fennell, Stiúrthóir, Stillwater Communications, a bhí mar aoichainteoir.

Tar éis díospóireacht bhreá bhríomhar ina raibh go leor cur agus cúiteamh, chinn na moltóirí gurb ag foireann Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath a bhí an bua. Bhronn Antoine Ó Coileáin, Príomhfheidhmeannach Gael Linn agus Pól Ó Muirí, Eagarthóir Gaeilge, The Irish Times an Corn agus duais €100 an duine ar Chormac Breathnach agus Eoin Ó Murchú.

Is as Tigh an Raoireann i gCeatharlach do Chormac. D'fhreastail sé ar Ghaelcholáiste Ceatharlach. Bhain sé céim sa

siceolaíocht amach i gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath anuraidh agus tá cúrsa iarchéime á leanúint aige i mbliana chun Máistreacht sa Ghaeilge a bhaint amach. Is ball gníomhach de choiste Chumainn Gaeilge na hOllscoile é agus is díograiseoir é ar son na Gaeilge. I mbliana a thosnaigh sé ag díospóireacht agus tá sé ag baint an-taitnimh as an ngné seo de shaol na Gaeilge sa choláiste.

Déanann Glór Cheatharlach comhghárdeas ó chroí le Cormac agus Eoin as Corn Díospóireachta Gael Linn/The Irish Times a bhreith leo.

Gluais:	Glossary:
díospóireacht	debate
cáiliú	qualify
réamhbhabhta	preliminary round
foireann	team
ollscoil	university
féiniúlacht	individuality
cainteoir	speaker
aoichainteoir	guest speaker
bríomhar	lively
siceolaíocht	psychology
díograiseoir	enthusiast



Cormac Breathnach as Ceatharlach i lár díospóireachta!



Cormac Breathnach as Ceatharlach (ar chlé) agus Eoin Ó Murchú as Baile Átha Cliath (ar dheis) an-sásta tar éis do Antoine Ó Coileáin, Príomhfheidhmeannach Gael Linn, an Corn Díospóireachta a bhronnadh orthu.

## PTAA dinner on Friday in Lord Bagenal

THE Lord Bagenal, Leighlin-bridge is the venue on Friday 16 November for the Carlow regional PTAA dinner dance. Tickets, €25 each, are available from Mary Warren or Alice Dowling. Music is by Blue Lace and proceedings commence at 8.30pm.

### FIGHT NIGHT

Crettyard GAA will be well represented at the fight night in Killeshin Hall on Sunday 1 December.

### MAYO NS

Extends thanks to all who supported their Halloween party in Behan's of Tolerton on Sunday 28 October.

## CRETTYARD

Contact: ALICE DOWLING, phone 056 4442235



### GAA FUNDRAISER

Last week's winners in the Crettyard fundraiser were Marian Maher, 1 Doonane Road; Claude Byrne, Dromagh; John and Cormac Brennan, Sallysbridge. The winning numbers were 15, 18, 25 and 27.

### WHIST

Top score at Newtown whist recently was won by Gretta McNulty; 1st lady Mary Gowing; 2nd lady Leslie Hunter; 1st gent Owen Salmon; 2nd gent Eliz Coffey; 1st half Willie Farrell; 2nd half Rita Brennan; 1st quarter

Kit Farrell; 2nd quarter H Moore and M Mooney. Raffle winners: Kit Farrell, Hannah Moore, Willie Murphy, Fr Murphy and Tom Kealy. Whist continues as usual on Saturday.

### SENIORS' PARTY

The annual senior citizens' party is being held on Sunday 25 November in Newpark Hotel at 1pm.

### CRETTYARD AFC

Golden goal winner was Shannon Murphy, Monavea. Weekly draw winner, week ten, Patrick Brennan; week 11, Ella Coogan.